C/2026/4740

8.9.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4740)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Neretvanska mandarina'

Uimhir thagartha AE: PDO-HR-1225-AM01 — 19.6.2026

1. **Ainm an táirge**

'Neretvanska mandarina'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Chróit

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm (nó ainmneacha)

An Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaigh

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an leasú ar an tsonraíocht táirge athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint ná ar úsáid an ainm sin. Níl aon bhaol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach táirgeachta sainithe ar neamhní, ná níl aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 2. Sonraíochtaí táirge

Tuairisc

Leasú ar phointe 2: Tagraíonn an tuairisc ar an táirge do chion aigéid iomlán na dtorthaí agus do mhéid na dtorthaí.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cuid den téacs lena sainítear na paraiméadair cháilíochta:

— ní mór cion aigéid iomlán na dtorthaí a bheith laistigh den raon 0,7–1,3 %;

— tá méid thorthaí *Neretvanska mandarina* laistigh den raon calabra 1-XX go calabra 4.

in ionad na foclaíochta:

— ní mór cion aigéid iomlán na dtorthaí a bheith laistigh den raon 0,8-1,5 %;

— tá méid thorthaí *Neretvanska mandarina* laistigh den raon calabra 1-X go calabra 3.

Údar: Is é an t-athrú aeráide go príomha is cúis leis an méadú ar luach iomlán an chion aigéid, rud atá feicthe ag táirgeoirí le 10 mbliana anuas. Is iad na príomhathruithe tréimhsí níos faide agus níos minice ina bhfuil teochtaí arda (os cionn 32 °C) a fhágann go mbíonn céatadán níos airde de chion iomlán aigéid ag mandairíní tráth na haibíochta teicneolaíche. Tá méid na dtorthaí nasctha go díreach leis an athrú aeráide freisin. Mar thoradh ar thréimhsí triomaigh atá ag méadú i gcónaí, tá méadú ag teacht ar chéatadán na dtorthaí níos míne nach gcomhlíonann an cóimheas siúcra-aigéid is gá le haghaidh na dtorthaí de ghnáth. Ar an taobh eile, bíonn cion sú torthaí atá rómhór, ag a bhfuil calabra 1-xx agus níos mó, níos ísle ná na luachanna a shainítear sa tsonraíocht.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 4. den tsonraíocht táirge (fophointe 4.2. Rialú inrianaitheachta sa phróiseas táirgthe)

Tuairisc

Baineann an leasú i bpointe 4.2 leis an modh chun clár na dtáirgeoirí talmhaíochta a choinneáil ar bun trína dtugtar tábla Excel isteach mar chlár in ionad an fheidhmchláir ríomhaire. Athraíodh an téarma ‘clár ríomhaireachta’ dá réir sin go ‘clár’.

An fhoclaíocht roimhe seo:

Déantar seiceálacha inrianaitheachta sa phróiseas táirgthe trí bhíthin clár ríomhairithe aonair de dháileachtaí talún táirgeachta (úlloird). Laistigh den chlár, déantar gach dáileacht talún táirgeachta de gach táirgeoir aonair a thaifeadadh faoi uimhir aitheantais shonrach (‘uimhir aitheantais’) agus déantar í a mharcáil go feiceálach ar léarscáil ortafóta Ghleann Neretva. Is í uimhir aitheantais an táirgeora an túsphointe don tseiceáil inrianaitheachta (Iarscríbhinn 4.3. Córas féinrialaithe agus Iarscríbhinn 4.4 Foirm inrianaitheachta – sampla).

Tá sé d’oibleagáid ar gach táirgeoir talmhaíochta faoin gcóras cosanta dáileachtaí talún táirgeachta a chlárú sa chlár ríomhairithe agus na gníomhaíochtaí uile is gá a dhéanamh chun inrianaitheacht agus comhlíontacht an táirge le ceanglais na sonraíochta seo a shuí. Sa bhreis ar thaifid na n-úllord táirgeachta, coinnítear sa chlár sin freisin taifid ar na teicnící talmhaíochta uile a cuireadh chun feidhme sa phróiseas táirgthe. Coinníonn Cumann Saothróirí Torthaí Neretva, ‘Mandarina Opuzen’, clár ríomhairithe de tháirgeoirí agus de dháileachtaí talún táirgeachta (Iarscríbhinn 4.5. Sliocht as an gclár ríomhairithe).

in ionad na foclaíochta:

Déantar seiceálacha inrianaitheachta sa phróiseas táirgthe trí bhíthin clár aonair de dháileachtaí talún táirgeachta (úlloird). Laistigh den chlár, déantar gach dáileacht talún táirgeachta de gach táirgeoir aonair a thaifeadadh faoi uimhir aitheantais shonrach (‘uimhir aitheantais’). Is í uimhir aitheantais an táirgeora an túsphointe le haghaidh na seiceála inrianaitheachta (Iarscríbhinn 4.3. Córas féinrialaithe agus Iarscríbhinn 4.4 Foirm inrianaitheachta – sampla).

Tá sé d’oibleagáid ar gach táirgeoir talmhaíochta faoin gcóras cosanta dáileachtaí talún táirgeachta a chlárú i gclár na dtáirgeoirí agus na gníomhaíochtaí uile is gá a dhéanamh chun inrianaitheacht agus comhlíontacht an táirge le ceanglais na sonraíochta seo a shuí. Coinníonn Cumann Saothróirí Torthaí Neretva, ‘Mandarina Opuzen’, clár de tháirgeoirí agus de dháileachtaí talún táirgeachta (Iarscríbhinn 4.5. Clár táirgeoirí).

Údar:

San airteagal seo, baineadh den tsonraíocht an oibleagáid taifid a choinneáil ar tháirgeoirí talmhaíochta agus ar na teicnící talmhaíochta uile a chuirtear chun feidhme sa phróiseas táirgthe trí chlár ríomhairithe an chláir córais faisnéise geografaí. Ar chúiseanna simplíochta agus inoibritheachta, coinneofar gach taifead i dtáblaí Excel amach anseo.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú caighdeánach ar phointe 5. den tsonraíocht táirge (fophointe 5.4.2. Bearta agranamaíocha agus bearta bainistíochta úllord)

Tuairisc

Téacs phointe 5.4.2.: (sa chuid Buain na dtorthaí) baineann sé le cion aigéid iomlán na dtorthaí, rud a chinneann cathain a thosaíonn agus a chríochnaíonn an bhuaint.

Baineadh an fhoclaíocht a bhí ann roimhe seo:

Sainmhínítear tús na buainte mar an t-am inarb é 1,3 % an t-uaschion aigéid agus inarb é 7:1 an cóimheas innéacs aibíochta. Sainítear deireadh na buainte i gcás torthaí atá incháilithe lena margú mar an táirge faoi chosaint mar an tráth arb é 0,7 % an t-íoschion aigéid leis an gcóimheas innéacs aibíochta céanna.

agus cuireadh an téacs seo a leanas ina ionad:

Sainmhínítear tús na buainte mar an t-am inarb é 1,5 % an t-uaschion aigéid agus inarb é 7:1 an cóimheas innéacs aibíochta. Sainítear deireadh na buainte i gcás torthaí atá incháilithe lena margú mar an táirge faoi chosaint mar an tráth arb é 0,8 % an t-íoschion aigéid leis an gcóimheas innéacs aibíochta céanna.

Údar:

Is é an t-athrú aeráide go príomha is cúis leis an méadú ar luach iomlán an chion aigéid, rud atá feicthe ag táirgeoirí le 10 mbliana anuas. Is iad na príomhathruithe tréimhsí níos faide agus níos minice ina bhfuil teochtaí arda (os cionn 32 °C) a fhágann go mbíonn céatadán níos airde de chion iomlán aigéid ag mandairíní tráth na haibíochta teicneolaíche.

☑ Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Neretvanska mandarina’

Uimhir thagartha AE: PDO-HR-1225-AM01 — 19.6.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Neretvanska mandarina’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Chróit

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

08 - TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is toradh é 'Neretvanska mandarina' ar an gcrann oráiste mandairín a bhaineann leis an ngrúpa Unshiu-Satsuma (*Citrus unshiu* 'Marcovitch'). I dtéarmaí ainmníocht luibheolaíoch, baineann sé leis an bhfine Rutaceae, leis an bhfofhine Aurantioideae, leis an ngéineas Citrus agus leis an speiceas *Citrus reticulata* 'Blanco'.

Is caor bhog dheighilte (hesperidium) é an toradh 'Neretvanska mandarina' a bhfuil craiceann air a scarann go héasca ón laíon. Tá an chuid inite den toradh súmhar, gan síolta, dath oráiste orthu, agus iad roinnte ina ndeighleoga ar féidir iad a dheighilt óna chéile go héasca. Tá cion caraitéanóideach idir 15,50 agus 26 mg/kg sa chuid inite de 'Neretvanska mandarina'. Bíonn an blas aigéadach, fionnuar agus bíonn blas milis air ag brath ar an gcóimheas idir siúcra agus aigéad sna torthaí. Bíonn cruth na dtorthaí éagsúil - ó chothromaithe go cruinn cothromaithe. Bíonn dath difriúil ar an gcraiceann agus athraíonn sé ag brath ar aibíocht an toraidh. Bíonn dath glas éadrom ar na torthaí nuair a thosaíonn siad ag aibiú, ag athrú de réir a chéile ó dhath buí éadrom go dath an óir agus go horáiste ar deireadh nuair a bhíonn siad go hiomlán aibí. Bíonn dea-bholadh séimh, dea-chothromaithe agus úr ar an toradh nach n-éiríonn dian go dtí go ndéantar damáiste don toradh nó go ndéantar é a scamhadh agus go scaoiltear a chomhdhúile aramatacha.

Cinntear cáilíocht 'Neretvanska mandarina' ar bhonn na bparaiméadar seo a leanas:

— ní mór an cion sú torthaí a bheith 40 % ar a laghad;

— ní mór cion aigéid iomlán an toraidh a bheith laistigh den raon 0,8–1,5 %;

— is é 7:1 an cóimheas is ísle is incheadaithe idir siúcra agus aigéad i dtorthaí 'Neretvanska mandarina' (aigéad soladach intuaslagtha/intoirtmheasctha iomlán).

— tá méid thorthaí an *Neretvanska mandarina* laistigh den raon calabra 1-X go calabra 3.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Gach céim de tháirgeadh 'Neretvanska mandarina', ó tháirgeadh ábhair atáirgthe go buaint an mhandairín, ní mór í a dhéanamh laistigh den limistéar geografach a shainítear faoi phointe 5.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Bailítear na torthaí i mboscaí (cliathbhoscaí) ag a bhfuil toilleadh 30 kg, cuirtear i gceann a chéile ar phailléid iad agus seachadtar chuig lárionaid díolacháin agus dáileacháin iad. Déantar tuilleadh próiseála ar na torthaí laistigh de na hionaid sin de réir an nós imeachta seo a leanas: rialú cáilíochta agus inrianaitheachta ar dhul isteach na dtorthaí, aibiú na dtorthaí (más gá), calabrú, céir trí spraeáil, triomú, fuarú ag teocht 5–8 °C agus rialú cáilíochta agus inrianaitheachta ar imeacht na dtorthaí ag deireadh an phróisis. Is é 5 lá nó 120 uair an chloig an t-uasmhéid ama a cheadaítear chun 'Neretvanska mandarina' a ullmhú don mhargadh (ón am a thagann na torthaí chuig an ionad díolacháin go dtí an t-am seolta).

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Agus an táirge á chur ar an margadh, ní mór gach pacáiste táirgí a mharcáil go soiléir feiceálach leis an ainmniúchán 'Neretvanska mandarina'. I dtéarmaí méide, cineáil agus datha (topagrafaíocht), ba cheart go seasfadh litreacha an ainm amach ar bhealach níos soiléire ná aon inscríbhinn eile ar an bpacáistíocht. Ní mór na focail 'Lot broj' ('Uimhir Luchtóige') a bheith in-idirdhealaithe go soiléir ar dhearbhú an táirge chríochnaithe freisin. Ráthaítear inrianaitheacht leis sin agus is féidir nasc a bhunú leis an táirgeoir tráth ar bith.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá teorainn ag limistéar geografach Ghleann Neretva ina dtáirgtear 'Neretvanska mandarina' ó thuaidh leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus tá teorainn aige ó dheas le cósta Mhuir Aidriad. Sa deisceart, san oirdheisceart agus san iarthuaisceart, tá teorainn ag Gleann Neretva le slabhra sléibhe Dinaric. Áirítear i limistéar táirgeachta 'Neretvanska mandarina' bailte Metković, Opuzen agus Ploče agus bardais Slivno, Kula Norinska agus Zažablje.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Cinntear miocraeráid an limistéir de bharr a chóngaraí atá sé don fharraige, rud a mhaolaíonn teocht íseal an gheimhridh agus teocht ard an tsamhraidh. Ba é 15,8 °C an mheánteocht bhliantúil le linn na meán 10 mbliana (2002-2012) i nGleann Neretva. Is é 7,25 °C meánteocht an gheimhridh. Is fachtóir bithaeráide a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis é bogthaise choibhneasta an aeir. Tá sé sin, mar aon le haertheocht agus gaoth, an-tábhachtach chun aistriú rialta a áirithiú idir céimeanna fásúla agus giniúnacha i bhfás na gcrann mandairín. Is é 69 % an mheán-bhogthaise choibhneasta (meán 10 mbliana). Is iad an flúirse uisce, lochanna agus aibhneacha ina bhfuil cúrsaí uisce garbha agus cainéil draenála uisce oscailte a tochlaíodh de láimh príomh-shaintréithe limistéar Ghleann Neretva agus fágann siad go bhfuil an limistéar uathúil ó thaobh na hidreolaíochta de freisin. Is é 500 méadar uasfhad phlandálacha 'Neretvanska mandarina' ó fhoinsí nádúrtha uisce oscailte. Mar thoradh ar airíonna hidreolaíocha an limistéir, tá leibhéal ard screamhuisce agus bogthaise aeir choibhneasta ardaithe ann, rud atá suntasach go háirithe nuair a bhíonn na torthaí ag aibiú (i mí Mheán Fómhair, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna). An tráth sin, tá soláthar optamach uisce do na plandaí ríthábhachtach do cháilíocht na dtorthaí. I dtéarmaí ithreach, saintréith de limistéar Ghleann Neretva is ea dríodair de thionscnamh glárach de chomhdhéanamh an-ilchineálach. I dtéarmaí uigeachta, is é ithir ghaineamh dhúrabháin agus ithir chrédhúrabhán ghainmheach is mó atá ann. Bíonn go leor gníomhú ribeach sna hithreacha sin atá fabhrach d'fhás na mandairíní.

Mar thoradh ar shaintréithe nádúrtha thuasluaite an limistéir saothraithe, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir torthaí 'Neretvanska mandarina' agus torthaí mandairín eile mar gheall ar a gcraiceann tanaí, mín atá éasca le scamhadh, atá gan síol agus a scarann na deighleoga go héasca.

Bíonn dath buí órga ar an gcuid inite den toradh, a athraíonn go horáiste de réir mar a aibíonn sé. Tá sé sin nasctha leis an gcion ard caraitéanóideach. Tá cion ard caraitéanóideach na coda inite de na torthaí ar cheann de phríomh-shaintréithe na mandairíní ó réigiún Neretva. Suíodh le torthaí na n-anailísí a rinneadh ar shamplaí de 'Neretvanska mandarina' go raibh an tiúchan caraitéanóideach i mbia na dtorthaí os cionn an mheáin. (V. Dragović-Uzelac et al. 2012.: Određivanje specifičnih svojstava neretvanske mandarine (*Citrus reticulata L.*) zbog zaštite geografskog podrijetla (GI), Dámh na Teicneolaíochta Bia agus na Bith-theicneolaíochta, Ságrab). Ina theannta sin, déantar idirdhealú idir torthaí 'Neretvanska mandarina' agus torthaí mandairín eile mar gheall ar an gcion ard sú sa chuid inite de na torthaí, an cion ard ábhair thirim atá ann agus cothromaíocht chomhchuí an tsiúcra agus an aigéid a thugann a tréithe orgánaileipteacha ar leith dó: blas úr agus dea-bholadh suntasach. Cuireadh tús le saothrú mandairíní mar a dhéanfaí ar phlandálacha i nGleann Neretva tar éis na hoibreacha míntírithe a chur i gcrích ansin in 1961 agus 1962. De réir taifid eaglaise (de chuid oifig paróiste Sv. Ilija i Metković), 'in ainneoin an triomaigh mhóir i nGleann Neretva sa bhliain 1971, meastar gur táirgeadh a oiread le 900 tonna mandairíní.' Dá bhrí sin, is táirge sonrach é 'Neretvanska mandarina' a bhfuil a shaintréithe faoi thionchar ní hamháin an idirghníomhaithe leis an timpeallacht (an aeráid, an suíomh agus an tír-raon) ach freisin traidisiún táirgthe atá ann le fada an lá. Ó thaobh na tíreolaíochta de, tá Gleann Neretva ar cheann de na trí réigiún is faide ó thuaidh san Eoraip ina bhfástar citris. Cinntear leis sin, den chuid is mó, struchtúr an táirgthe, rogha na saothróg agus an fhréamhstoic, rud a dhéanann difear ar deireadh do phríomh-chomhpháirteanna cáilíochta torthaí. Déantar gach plandáil de 'Neretvanska mandarina' a bheangú ar fhréamhstoc *Poncirus trifoliata* chun críoch tráchtála. Mar throadh ar na buntáistí a bhaineann leis sin, a léirítear go díreach i gcáilíocht na dtorthaí agus sa chaoi a mbíonn siad ag fás go luath, meastar go bhfuil rogha an fhréamhstoic sin fíor-riachtanach. Seachas sin, bíonn tionchar láidir ag an ngaireacht don fharraige ar éagsúlachtaí laethúla i dteocht an aeir (ó lá go hoíche). Bíonn na luaineachtaí thar a bheith suntasach san fhómhar, nuair is féidir le teocht na farraige a bheith níos airde ná teocht an aeir máguaird go minic. Bíonn tionchar díreach ag na luaineachtaí teochta sin ar dhath an toraidh, ar an méid caraitéanóideach ina laíon agus ar aonfhoirmeacht agus ar chomh luath agus a aibíonn siad. Chuir traidisiún seanbhunaithe saothraithe a théann siar níos mó ná 80 bliain, agus cur i bhfeidhm saineolas agus teicneolaíochta nua go mór ní hamháin le leathnú an tsaothraithe mandairín i nGleann Neretva le 10 mbliana anuas, ach le feabhsuithe ar an gcáilíocht freisin. D'ainneoin go leor athruithe ar theicneolaíocht talmhaíochta, caomhnaíodh príomhghnéithe uile an limistéir gheografaigh agus an tsaothraithe thraidisiúnta. Baineann siad sin thar aon ní eile le próisis theicniúla chúnta (gearradh, prúnáil na corónach, péacáin fhiáine a bhaint, torthaí a bhaint de phlanduithe óga) a dhéantar fós go heisiach de láimh.

Tagairt do sheoladh leictreonach (url) na sonraíochta foilsithe

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/zoi-zozp-zts/dokumenti-zoi-zozp-zts/Specifikacija%20proizvoda%20Neretvanska%20mandarina%20-%20%C4%8Distopis.pdf